# Snáithe B:
# Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise (GFGBanna)

Is creatlach ionduchtaithe chomhtháite do mhúinteoirí i gcomhair Múinteoirí Nuacháilithe (MNCanna)í an próiseas Droichead. Tá dhá shnáithe i gceist leis — Snáithe A agus Snáithe B. Má táthar leis an bpróiseas Droichead a chur i gcrích go rathúil, ní mór aghaidh a thabhairt ar an dá shnáithe: ionduchtú scoilbhunaithe (Snáithe A) agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise (Snáithe B).

Snáithe B:

Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla

Cnuaschruinnithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe

Gníomhaíocht Foghlama Gairmiúla Eile

Baineann Snáithe B le gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise, inarb éigean freastal ar chnuaschruinnithe do mhúinteoirí nuacháilithe agus dul i ngleic le gníomhaíocht foghlama gairmiúla amháin eile, i gcoibhneas le riachtanais an mhúinteora nuacháilithe.

Le cois na gcnuaschruinnithe, ba cheart do MNCanna atá ag tabhairt faoin bpróiseas Droichead aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíocht foghlama gairmiúla amháin eile, arna sainaithint de réir a gcuid riachtanas foghlama gairmiúla agus i gcomhairle lena bhFoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG). I measc na ngnáthghníomhaíochtaí foghlama a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá Líonraí Proifisiúnta Múinteoirí (cumainn ábhair), gníomhaíocht foghlama ar líne/cumaisc, freastal ar chomhdháil nó Féilte, rannpháirtíocht i gceardlann, Grúpa Tacaíochta Gairmiúla, srl.

Cuireann an Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead ceardlanna ionduchtúcháin ar líne ar fáil do MNCanna, mar atá, ceardlanna Bunscoile, Iar-bhunscoile agus



CC BY NC

Trasearnála. Féadann gach múinteoir nuacháilithe páirt a ghlacadh i gceardlanna ionduchtúcháin chun cabhrú lena bhfoghlaim ghairmiúil. Cé nach cuid riachtanach de phróiseas Droichead iad, úsáideann mórchuid MNCanna iad mar ghníomhaíocht bhreise foghlama gairmiúla.

Cliceáil anseo chun clárú le haghaidh ceardlann ar líne.

Beidh ar MNCanna teideal, dáta agus fad na gníomhaíochta foghlama gairmiúla a thaifeadadh ar Fhoirm D. Thig le MNCanna Foirm D a chomhlánú ach logáil isteach ar an tairseach "Mo Chlárú" ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.